Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Samhain 2020**
**(OR. en)**

**13462/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0339 (NLE)**

**AVIATION 216**
**RELEX 941**
**ISR 5**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Samhain 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 765 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bhunaítear leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 765 final.

Faoi iamh: COM(2020) 765 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.11.2020
COM(2020) 765 final

2020/0339 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bhunaítear leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le cinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bhunaítear leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile ('an Comhaontú')[1].

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile

Tá sé d'aidhm ag an gComhaontú comhlimistéar eitlíochta (CAA) a chruthú trí bhíthin rochtain fhrithpháirteach ar mhargaí aeriompair na bPáirtithe, limistéar ina mbeidh dálaí iomaíochta comhionanna, agus urraim do rialacha coiteanna, lena n-áirítear rialacha sna réimsí seo a leanas – an tsábháilteacht, an tslándáil, bainistíocht aerthráchta, gnéithe sóisialta agus an comhshaol. Ba cheart rialacha an chomhlimistéir eitlíochta a bheith bunaithe ar an reachtaíocht ábhartha atá i bhfeidhm laistigh den Aontas Eorpach, faoi mar a leagtar síos in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an gComhaontú seo i ndáil leis an tsábháilteacht, leis an tslándáil agus le bainistíocht aerthráchta go háirithe.

Síníodh an Comhaontú an 10 Meitheamh 2013 agus tháinig sé i bhfeidhm an 2 Lúnasa 2020.

### 2.2. An Comhchoiste

Bunaítear Comhchoiste le hAirteagal 22 den Chomhaontú. Beidh an Comhchoiste freagrach as an gComhaontú a riar agus áiritheoidh sé go gcuirfear chun feidhme go cuí é.

Chun na críche sin forbróidh sé comhar i raon réimsí éagsúla agus déanfaidh sé moltaí agus cinntí i gcás ina ndéantar foráil shainráite maidir leis sin sa Chomhaontú. Is iad na príomhchúraimí atá air comhar a fhorbairt trí bhíthin: (a) na cúraimí sonracha atá air, i ndáil le próiseas an chomhair rialála, a chur i gcrích, faoi mar a leagtar amach i dTeideal II den Chomhaontú; (b) malartuithe ar leibhéal na saineolaithe a chothú maidir le tionscnaimh agus forbairtí reachtaíochta nó rialála nua, lena n-áirítear tionscnaimh agus forbairtí sna réimsí seo a leanas – an tslándáil, an tsábháilteacht, an comhshaol, an bonneagar eitlíochta (lena n-áirítear sliotáin), an timpeallacht iomaíoch agus cosaint tomhaltóirí; (c) éifeachtaí sóisialta an Chomhaontaithe a scrúdú go rialta de réir mar a chuirfear chun feidhme é, go háirithe i réimse na dífhostaíochta, agus freagairt iomchuí a fhorbairt maidir le hábhair imní a chinntear a bheith dlisteanach; (d) teacht ar chomhaontú, ar bhonn an chomhdhearcaidh, maidir le tograí, le cineálacha cur chuige nó le doiciméid de chineál nós imeachta a bhaineann go díreach le feidhmiú an Chomhaontaithe; (e) réimsí a mheas ina bhféadfaí an Comhaontú a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear leasuithe ar an gComhaontú a mholadh; agus (f) aghaidh a thabhairt ar chur i bhfeidhm roinn A.1 d'Iarscríbhinn IV (liosta aeriompróirí atá faoi réir toirmeasc ar a n-oibriú).

Anuas air sin, i gcomhréir le: Airteagal 5 (Infheistíocht) den Chomhaontú, scrúdóidh an Comhchoiste ceisteanna a bhaineann le hinfheistíochtaí déthaobhacha faoi úinéireacht tromlaigh nó le hathruithe maidir le rialú éifeachtach aeriompróirí de chuid na bPáirtithe.

---

[1] Cinneadh (AE) 2020/952 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2020 maidir leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais (IO L 212, 3.7.2020, lch. 10).

Faoi Airteagal 22(3) den Chomhaontú, glacfaidh an Comhchoiste a rialacha nós imeachta trí bhíthin cinnidh.

### 2.3. Gníomh beartaithe an Chomhchoiste

Le linn an chéad chruinnithe a bheidh aige, tá an Comhchoiste le cinneadh a ghlacadh maidir le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh ('an gníomh atá beartaithe').

Is é an cuspóir atá leis an ngníomh atá beartaithe go ndéanfar, i gcomhréir le hAirteagal 22(3) den Chomhaontú, na rialacha nós imeachta a ghlacadh a bheidh ina mbonn taca don eagraíocht agus d'fheidhmiú an Chomhchoiste ionas go mbeifear in ann an Comhaontú a chur chun feidhme go cuí.

## 3. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais, ba cheart a bheith d'aidhm leis rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh, ar rialacha iad a bhunaítear leis an gComhaontú. Ba cheart an seasamh sin a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste.

## 4. Bunús dlí

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

*4.1.1. Na prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos *'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, cé is moite de ghníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'*

Áirítear ar na 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear orthu freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach 'a bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh'.

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is éard atá sa Chomhchoiste comhlacht arna chur ar bun le comhaontú, arb é atá ann sa chás seo an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile.

An gníomh a iarrtar ar an gComhchoiste a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla aige, ós rud é go mbeidh sé ceangailteach ar na Páirtithe faoin dlí idirnáisiúnta.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní fhorlíontar creat institiúideach an Chomhaontaithe ná ní leasaítear é.

Ina fhianaise sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

## 4.2. Bunús substaintiúil dlí

### *4.2.1. Na prionsabail*

An bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó mar chomhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is leis an aeriompar a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 100(2) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

## 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 100(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina mbunús dlí le haghaidh an chinnidh atá beartaithe.

# 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leagfaidh an Comhchoiste amach a rialacha nós imeachta, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2020/0339 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste a bhunaítear leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas i gcrích an Comhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile, ('an Comhaontú') le Cinneadh (AE) 2020/952[1] ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 2 Lúnasa 2020.

(2) Le hAirteagal 22 den Chomhaontú bunaítear Comhchoiste chun riar agus cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú.

(3) Le hAirteagal 22(3) den Chomhaontú foráiltear go nglacfaidh an Comhchoiste a rialacha nós imeachta.

(4) Chun cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú, ba cheart rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a leagan síos ós rud é go mbeidh an cinneadh ón gComhchoiste lena nglactar a rialacha nós imeachta, go mbeidh sé ceangailteach ar an Aontas. Ba cheart seasamh an Aontais laistigh den Chomhchoiste a bheith bunaithe ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa chéad chruinniú den Chomhchoiste a chuirtear ar bun le hAirteagal 22 den Chomhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile, i ndáil le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh, bunófar an seasamh sin ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

---

[1] Cinneadh (AE) 2020/952 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2020 maidir leis an gComhaontú Eitlíochta Eora-Mheánmhara idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus rialtas Stát Iosrael, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais (IO L 212, 3.7.2020, lch. 10).

Féadfaidh ionadaithe an Aontais laistigh den Chomhchoiste mionathruithe ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste a aontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tá an Cinneadh seo dírithe ar an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*